# Cuntas Leithreasa 2025

## Vóta 37

## Coimirce Shóisialach

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas i gceangal leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig sin. ar íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ar deontais áirithe lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna atá teoranta ó thaobh airgid de agus atá dá riar ag an Oifig sin.

Déantar comparáid idir an t-olltoradh caiteachais agus na suimeanna

- deonaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas le haghaidh na bliana, agus
- curtha ar fáil le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil in 2025 as leithreasaí gan chaitheamh ó 2024, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Caithfear farasbarr €86.028 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo é an ráiteas faoi na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta, chomh maith le nótaí 1 go dtí 6.

### *Soláthar seirbhísí na gníomhaireachta*

Gníomhaíonn an Roinn mar ghníomhaire íocaíochta de chuid na Roinne Airgeadais chun dliteanais cheadaithe íocaíochtaí cnapshuime pinsinéirí Waterford Crystal agus íocaíochtaí pinsin leanúnacha Waterford Crystal a íoc, faoi alt 48B d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh.2), 2014. Is í an Roinn a bhainistíonn riarachán agus maoiniú thar ceann na Roinne Airgeadais. Tuairiscíonn an Roinn Airgeadais na suimeanna a íoctar sna Cuntais Airgeadais.

Le linn 2025, lean an Roinn de bheith ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta don Íocaíocht Aitheantais Cóiríochta (ÍAC) don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (bhí an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais freagrach as an scéim go dtí an 1 Bealtaine 2025). Rinneadh foráil in Ionstraim Reachtúil 159 de 2025 maidir leis na híocaíochtaí sin a chistiú ó Vóta 24 Ceartas, Gnóthaí Baile agus Imirce agus tugtar cuntas ar na híocaíochtaí sa chuntas leithreasa don Vóta sin.

### *Comhlacht Stáit nua*

Thacaigh an Roinn le comhlacht Stáit nua a bhunú i mí Dheireadh Fómhair 2025, an tÚdarás Náisiúnta um Uathrollú Coigiltis Scoir (NAERSA), ar comhlacht é atá faoi choimirce na Roinne. Riarann NAERSA córas coigiltis scoir uathchláraithe na hÉireann, Mo Chiste don Todhchaí, a cuireadh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026, trí choigilteas rannpháirtithe a bhainistiú, ranníocaíochtaí a bhailiú, agus maoirseacht a dhéanamh ar infheistíocht. In 2025, íocadh costais NAERSA le Vóta 37.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh I bhfeidhm na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe amach i gciorclán 25 de 2025, agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntais dar tús an 1 Eanáir 2025.

Tá luachanna comparáideacha ón mbliain roimhe seo athshonraithe in go leor cásanna chun na hathruithe a eascraíonn as tabhairt isteach CCRL a léiriú.

***Aisghabháil ró-íocaíochtaí***

Déantar cuntas ar aisghabháil fiach maidir le ró-íocaíochtaí scéimeanna ginearálta/liúntas tacaíocht ioncaim mar seo a leanas.

- Tugtar aisghabhálacha airgid agus asbhaintí a fhaightear chun cuntais ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra fiachais ábhartha. Coinnítear méideanna aisghabhála neamh-chomhoiriúnaithe ar fionraí agus cuirtear san áireamh iad mar ioncam le laghdú comhfhreagrach ar fhiachas ar a n-aithint. Ós rud é gurb é Vóta 37 an faighteoir is mó d’fháltais ró-íocaíochtaí, coinnítear fáltais neamh-chomhoiriúnaithe i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus postáil ina dhiaidh sin chuig Vóta 37 nó CÁS de réir mar is cuí.
- Déantar admhálacha neamh-chomhoiriúnaithe atá bliain nó níos sine a chur ar an gcuntas ar bhonn buan nuair a thugtar chun críche gach próiseas meaitseála atá ar fáil.
- Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte maidir le ró-íocaíocht ar íocaíocht scéime na bliana reatha a ghlanluacháil in aghaidh an chaiteachais sa bhliain chuntasaíochta reatha.
- Láimhseáiltear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte maidir le ró-íocaíocht ar íocaíocht scéime na bliana roimhe sin mar ioncam sa bhliain chuntasaíochta reatha.
- Féadfar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte a tuairiscíodh i mbliain/blianta cuntasaíochta roimhe sin a chur ar ceal sa bhliain chuntasaíochta reatha. Gearrtar aisghabhálacha na bliana roimhe a cealaíodh sa bhliain chuntasaíochta reatha in aghaidh chaiteachas na bliana reatha. I gcás ina ndéantar athbhreithniú ar luach ró-íocaíochta a ardaíodh sa bhliain roimhe sin, cuirtear an ró-íocaíocht bhunaidh ar ceal agus ardaítear ró-íocaíocht nua sa bhliain reatha – nuair a tharlaíonn sé sin, déantar an méid a aisghabhtar a mheaitseáil leis an ró-íocaíocht nua agus a thaifeadadh mar ioncam sa bhliain chuntasaíochta reatha.

***Aitheantas na n-íocaíochtaí***

Cuimsíonn íocaíochtaí na suimeanna sin a thagann chun cinn i gcúrsa na híocaíochta i rith na bliana. Meastar méideanna a bheith íoctha nuair a thabhaítear an dliteanas, nuair atá an íocaíocht dlite agus nuair atá treoir na híocaíochta (seic nó ríomhaistriú airgid) tar éis a bheith déanta ar an gcóras bainteach íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí airgid thirim leasa shóisialaigh a dhéantar trí An Post nuair a eisíoctar iad. Sa chás go dtiteann an gnáthdháta dlite íocaíochta ar lá saoire poiblí, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le híocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách go n-aithnítear íocaíochtaí a eisítear go luath trí ríomhaistriú airgid ó bhainc nó trí luathairgead tirim ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí. Eisíonn an Roinn cistí chuig banc Danske lá amháin roimh íocaíochtaí custaiméirí. Tá nahíocaíochtaí maoinithe sin san áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

***Bunús an tomhais– dímheas sócmhainní caipitil***

Déantar dímheas maoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a ghearradh de réir CCRL 17 agus CCRL 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas na saolréanna úsáide agus na rátaí dímheasa/amúchadh gaolmhara le haghaidh móraicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme Shócmhainne* | *Saolré Fhóinteach* | *Ráta dímheasa/ amúchta* |
|---|---|---|
| Bogearraí oibriúcháin móra | 10 mbliana | 10% in aghaidh na bliana |
| Bogearraí eile | 5 bliana | 20% in aghaidh na bliana |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% in aghaidh na bliana |

***Ioncam a aithint***

*Idirbhearta neamh-mhalairte*

I gcomhréir le CGAS 23 Ioncam ó Idirbhearta Neamh-Malairte (Cánacha agus Aistrithe), aithníodh ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte ar bhonn fabhraithe agus aicmíodh é idir idirbhearta neamh-mhalairte agus ioncam eile.

*Idirbhearta malairte*

I gcomhréir le CGAS 9 Ioncam ó Idirbhearta Malairte, aithnítear ioncam den sórt sin nuair a thuilltear é, nuair is féidir é a thomhas agus nuair atá sé dóchúil

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimsítear iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá gnásanna foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Tá taifead déanta ar nósanna imeachta um próisis ghnó lárnacha.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn, agus pearsanra atá oilte go cuí aici, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh, agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú i gcomhpháirt agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhunús rollach, le linn tréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca araon athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta bunaithe agam chun faireachán córasach a dhéanamh ar mholtaí iniúchóireachta inmheánaí agus chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach orthu.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas láidir ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. €568 milliún san iomlán a bhí sa chaiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí eile ar conradh in 2025. Áirítear leis sin €389 milliún chun cláir a sheachadadh.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe maidir le deich gconradh nár soláthraíodh go hiomaíoch sa tuairisceán bliantúil le haghaidh 2025 i leith chiorclán 40/2002.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte soláthair in 2025 cé is moite de chonradh amháin (de bhreis ar €25,000 gan CBL a áireamh). Bhain sé sin le conradh le haghaidh bainistiú dramhaíola lenar tabhaíodh caiteachas €33,606 (gan CBL a áireamh) in 2025. Rinneadh conradh nua a thairiscint agus a chur i bhfeidhm i mí Eanáir 2026.

Cuireadh an conradh thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Níor thabhaigh aon chonradh neamhchomhlíontach ar an tuairisceán bliantúil 40/2002 le haghaidh 2024 caiteachas in 2025.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Cuid thábhachtach den chóras is ea clár riosca a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus déantar rioscaí a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a leagtar ar bhaill foirne ar leith a mhaolú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe maidir le nósanna imeachta rialaithe a mhonatóiriú. Cuirtear aon easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe ceangailte agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a aithníodh.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Obair chumaisc***

Tá beartas Oibre Cumaisc foirmiúil i bhfeidhm sa Roinn ó mhí Mheán Fómhair 2022. Cuireann an beartas seo, a forbraíodh i gcomhréir leis an gCreat Beartais Oibre Cumaiscthe d’Eagraíochtaí na Státseirbhíse, solúbthacht ar fáil thar réimse patrún tinrimh ag brath ar an ról agus ar na riachtanais ghnó.

Coinníonn an Roinn a beartas Oibre Cumaisc faoi athbhreithniú leanúnach leis an bpríomhfhócas ar a chinntiú gur féidir le gach réimse gnó freastal ar éilimh oibriúcháin agus seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chothabháil. Ciallaíonn an tábhacht a leagaimid ar a bheith ar fáil dár gcustaiméirí nach mbíonn obair chumaisc oiriúnach i gcónaí do gach ról, agus i ngach cúinse. Bhí cion an lucht saothair ag a raibh socrú oibre cumaiscthe in 2025 i gcomhréir leis na blianta roimhe sin – oibríonn 61 % den 7,300 ball foirne go cianda ar feadh lá amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine agus freastalaíonn 39 % díobh ar an oifig ar bhonn lánaimseartha.

Chun an riosca a bhaineann le sáruithe ar shonraí a mhaolú, eisítear ríomhairí glúine criptithe do gach ball foirne. Fíoraítear aitheantas foirne trí úsáid a bhaint as ainm úsáideora agus pasfhocal araon sula ndéantar rochtain ar chórais Roinne, a ndéantar rochtain orthu trí líonra príobháideach fíorúil criptithe (VPN).

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Ceanglaítear de réir an dlí ar an gCiste Árachais Shóisialaigh suimeanna a íoc nó a sholáthar chuig Vóta 37 maidir le haon chustaiméir a bhfuil scéimeanna pinsean neamhranníocach Stáit nó liúntas cuardaitheora poist á fháil acu de réir tástála acmhainne, agus a bhfuil iarratas déanta acu freisin ar, nó a bhfuil teidlíocht bhunúsach acu ar, scéim sochair atá aistarraingthe nó a bhfuil deireadh curtha leis. Sna cásanna seo, faigheann an t-éilitheoir an íocaíocht de réir tástála acmhainne ar luach níos airde, agus tá teidlíocht chomhfhreagrach na scéime sochair iníoctha ag an gCiste. Déantar an méid comhiomlán atá iníoctha ag an gCiste a chreidiúnú ansin sa scéim pinsin neamhranníocach i Vóta 37.

Bhí an Roinn tar éis meastachán cuntasaíochta de luach comhiomlán na n-aistrithe sin a chruthú bunaithe ar anailís stairiúil, mar gheall nach raibh teacht ar eolas a bhí cruthaithe ag sainchóras.

Forbraíodh uirlis tuairiscithe chun faisnéis níos cruinne agus níos tráthúla a sholáthar don Roinn chun an meastachán cuntasaíochta ar luach comhiomlán na n-aistrithe sin a fheabhsú. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair ar na torthaí tosaigh a ghineann an uirlis tuairiscithe maidir le cruinneas agus iontaofacht.

Bhí an luach reatha a aistríodh ón gCiste agus a cuireadh chun sochair don Vóta in 2025 díreach faoi bhun €100 milliún. Léiríonn torthaí tosaigh na huirlise tuairiscithe nua go bhfuil an luach athbhreithnithe atá le haistriú ón gCiste agus le cur chun sochair don Vóta i ndáil le 2025 thart ar €160 milliún. Is dócha gur tharla tearcíocaíochtaí comhchosúla sna blianta 2022 go 2024. (Bheadh aon tionchar carnach a bheadh mar thoradh ar aon ghearríocaíochtaí chuig an Vóta roimh 2022 curtha as an áireamh ag fóirdheontas an Chiste ag an Vóta in 2021.)

Tá sé beartaithe ag an Roinn, nuair a dhéantar torthaí na huirlise tuairiscithe a thástáil go hiomlán agus nuair atá siad iontaofa, dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe de réir na reachtaíochta maidir leis an gcaoi a gcaitear le luach carntha na n-easnamh a sainaithníodh ó thaobh cuntasaíochta de.

Tá caiteachas comhcheangailte an Chiste agus Vóta 37 cruinn agus iomlán do na blianta uile lena mbaineann agus níor cuireadh isteach ar íocaíochtaí le custaiméirí.

Níor aithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2025 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasaithe.

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimirce Shóisialach

31 Márta 2026

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

## Vóta 37 Choimirce Shóisialach
## Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Choimirce Shóisialach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 37 Choimirce Shóisialach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Choimirce Shóisialach agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Áirítear i mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* don bhliain 2025 trí chaibidil a bhaineann le nithe a bhaineann le Vóta 37 Coimirce Shóisialach.

***Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh***

Déantar tuarascáil i gCaibidil 24 ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh a sháraíonn an teidlíocht faoi scéimeanna a fheidhmíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí. Measaim go bhfuil an leibhéal measta d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh neamhrialta suntasach i gcomhthéacs Vóta 37, mar a mhínítear sa chaibidil.

***Rialuithe ar íocaíochtaí an liúntais speansas laethúil***

Scrúdaíonn Caibidil 25 an bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm maidir le híocaíocht an liúntais speansas laethúil le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ag comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha, agus an bhfuil siad éifeachtach chun íocaíochtaí neamhrialta a chosc agus a bhrath go tráthúil.

***Soláthar béilí teo scoile***

Scrúdaíonn Caibidil 26 na próisis atá i bhfeidhm laistigh den Roinn chun a mheas an bhfuil coigilteas á bhaint amach trí sholáthar béilí teo scoile.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Lúil 2026

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 37 um Choimirce Shóisialach

## Cuntas Leithreasa 2025

| | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir:** | | | | |
| **Scéimeanna cúnaimh shóisialta, seirbhísí, agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | |
| Riarachán | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 664,215 | | | |
| *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 1,380 | | | |
| *Forlíontach* | 9,800 | | | |
| | | 675,395 | 664,821 | 626,532 |
| Pinsin | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 1,303,473 | | | |
| *Forlíontach* | 32,391 | | | |
| | | 1,335,864 | 1,335,828 | 1,335,726 |
| Aois oibre – tacaíochtaí ioncaim | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 2,904,512 | | | |
| *Forlíontach* | (66,083) | | | |
| | | 2,838,429 | 2,804,876 | 2,936,541 |
| Aois oibre – tacaíochtaí fostaíochta | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 657,225 | | | |
| *Forlíontach* | 31,320 | | | |
| | | 688,545 | 685,011 | 660,620 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 4,327,333 | | | |
| *Forlíontach* | 189,695 | | | |
| | | 4,517,028 | 4,519,102 | 4,310,157 |
| Leanaí | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 2,965,134 | | | |
| *Forlíontach* | 66,282 | | | |
| | | 3,031,416 | 3,003,481 | 3,234,994 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, etc | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 579,575 | | | |
| *Forlíontach* | 15,088 | | | |
| | | 594,663 | 581,466 | 622,350 |
| *Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh* | | — | — | — |

| | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas comhlán** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 13,401,467 | | | |
| *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 1,380 | | | |
| *Forlíontach* | 278,493 | | | |
| | | **13,681,340** | **13,594,585** | **13,726,920** |
| *Bain* | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 301,493 | | | |
| *Forlíontach* | 17,081 | | | |
| | | **318,574** | **317,847** | **379,004** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Leagan Bunaidh* | 13,099,974 | | | |
| *Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha* | 1,380 | | | |
| *Forlíontach* | 261,412 | | | |
| | | **13,362,766** | **13,276,738** | **13,347,916** |

**Barrachas**

Caithfear farasbarr an mhéid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 86,028,379 | 96,447,577 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | — | 1,380,000 |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | **86,028,379** | **95,067,577** |

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimirce Shóisialach

31 Márta 2026

# Nótaí ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas Costas Oibriúcháin 2025

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 12,929,764 | 13,100,388 |
| Pá | | 390,358 | 370,558 |
| Neamhphá | | 274,463 | 255,974 |
| **Caiteachas comhlán** | | **13,594,585** | **13,726,920** |
| *Bain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **317,847** | **379,004** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,276,738** | **13,347,916** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (12,995) | | |
| Dímheas | 4,009 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (27,021) | | |
| Amúchadh | 26,231 | | |
| | | (9,773) | (6,766) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (4,282) | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (535) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 8,132 | | |
| | | 3,315 | 14,769 |
| | | | |
| **Caiteachas a vótáladh go díreach** | | **13,270,280** | **13,355,919** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 104,968 | 93,340 |
| Cíos barúlach [a] | | 19,235 | 14,201 |
| **Glanchostas an chláir** | | **13,394,483** | **13,463,460** |

Nóta [a] Baineann measchíosanna le Vóta 37 agus leis an gCiste Árachais Shóisialaigh.

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsíonn glanmhéid chaiteachas na seirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 37 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 205 | 366 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 86,125 | 74,940 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 17,038 | 17,021 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,252 | 704 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 149 | 133 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 52 | 96 |
| An Príomhchiste – Pinsin na nAirí | | 147 | 80 |
| | | **104,968** | **93,340** |

## Nóta 2 Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 19,080 | 10,097 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 131,584 | 130,794 |
| | | **150,664** | **140,891** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 75,163 | 70,881 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 138,699 | 148,795 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 535 | — |
| | | **214,397** | **219,676** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 85,719 | 109,456 |
| Costais fhabhraithe | 2.8 | 88,069 | 79,937 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.9 | 40,264 | 37,850 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.10 | 12,716 | 1,489 |
| | | **226,768** | **228,732** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(12,371)** | **(9,056)** |
| **Glansócmhainní** | | **138,293** | **131,835** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniúcháin Stáit** | 2.11 | **138,293** | **131,835** |

## 2.1 Maoin, fearas agus trealamh [a]

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus TF | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 2,824 | 20,888 | 23,712 |
| Breiseanna | — | 12,995 | 12,995 |
| Diúscairtí | (1,496) | (361) | (1,857) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 1,328 | 33,522 | 34,850 |
| | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 2,478 | 11,137 | 13,615 |
| Dímheas don bhliain | 133 | 3,876 | 4,009 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,493) | (361) | (1,854) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 1,118 | 14,652 | 15,770 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **210** | **18,870** | **19,080** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 346 | 9,751 | 10,097 |

Nóta [a] Áirítear leis sin sócmhainní áirithe a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2021 ar luach níos lú ná €10,000.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 232,188 | 21,909 | 254,097 |
| Breiseanna | 2,359 | 24,662 | 27,021 |
| Aistriú | 32,391 | (32,391) | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 266,938 | 14,180 | 281,118 |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 123,303 | — | 123,303 |
| Amúchadh don bhliain | 26,231 | — | 26,231 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 149,534 | — | 149,534 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **117,404** | **14,180** | **131,584** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 108,885 | 21,909 | 130,794 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna roimh ré An Post [a] | 169,096 | 168,715 |
| Iarmhéideanna PMG (rótharraingt) | (255,645) | (279,619) |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | 830 | 1,448 |
| | **(85,719)** | **(109,456)** |

Nóta [a] Mar ghníomhaire íocaíochta scéime, tá An Post réamh-mhaoinithe ag Vóta 37 agus ag an gCiste Árachais Shóisialaigh chun dliteanais chaiteachais na Roinne a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Ag deireadh 2025, ba é €287 milliún an t-iarmhéid comhcheangailte a bhí ag An Post maidir le Vóta 37 agus leis an gCiste. Ba é an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2024 ná €286 milliún.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí sonracha cláir [a] | 67,665 | 65,531 |
| Tacaíocht do bhogearraí | 7,159 | 5,139 |
| Riarachán | 339 | 211 |
| | **75,163** | **70,881** |

Nóta [a] Cuireann an Roinn réamh-mhaoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí a chuireann scéimeanna ar fáil. Cuirtear airleacain ar fáil do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnaimh Poist sula dtosaíonn siad chun costais tosaigh a chlúdach, agus déantar iad a fhorchúiteamh go ginearálta laistigh de 12 mhí óna n-eisiúint. Soláthraítear cúlchnapanna le haghaidh sreabhadh airgid do Sheirbhísí Fostaíochta Poiblí (SFP) ar conradh chun costais leanúnacha a chlúdach, agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach le gach íocaíocht a dhéantar. Baineann an t-airgead sin le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airleacain do An Post le haghaidh caiteachas postais | 1,072 | 1,007 |
| Airleacain chuig Pobal | 7,361 | 7,062 |
| Airleacain chuig OOP | 446 | 525 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | — | 207 |
| Réamhíocaíochtaí scéime [a] | 101,123 | 99,755 |
| Fionraí párolla | 7,792 | 5,732 |
| Fionraí dochair eile | 1,672 | 1,861 |
| Dlite ó CÁS maidir le [c] | | |
| • Fáltais a bhaineann le Vóta a gnóthaíodh trí CÁS | 10,813 | 19,049 |
| • íocaíochtaí trí Vóta thar ceann CÁS | 8,402 | 13,204 |
| • íocaíochtaí óinchiste is infhaighte ó CÁS | 18 | 393 |
| | **138,699** | **148,795** |

Nóta [a] Is éard is réamhíocaíochtaí scéime ann ná íocaíochtaí scéime a dhéantar sa bhliain nach ngearrtar sa bhliain reatha.

[b] Íocaíochtaí scéime amháin. Níl costais riaracháin san áireamh anseo.

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Aisghabháil cúnaimh ó dhámhachtainí cúitimh árachais | 394 | — |
| Ró-íocaíochtaí a aisghabháil ón Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (EWSS) | 141 | — |
| | **535** | **—** |

## 2.7 Sócmhainn theagmhasach

Tá sé mar cheangal ar an Roinn suimeanna a aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) chuig Vóta 37 maidir le haon chustaiméir a bhfuil pinsean neamhranníocach Stáit nó liúntas cuardaitheora poist á fháil acu, agus a bhfuil iarratas déanta acu freisin ar, nó a bhfuil teidlíocht bhunúsach acu ar, scéim sochair atá aistarraingthe nó a bhfuil deireadh curtha leis. Sna cásanna sin, ní mór don CÁS aistriú chuig Vóta 37 luach an tsochair a bheadh iníoctha. Tá taifead déanta ar mheastachán cuntasaíochta ar luach 2025 atá dlite ag an CÁS i ráitis airgeadais CÁS agus i gcuntas leithreasa Vóta 37 araon, agus é déanta ar bhunús stairiúil.

Forbraíodh uirlis tuairiscithe chun faisnéis níos cruinne agus níos tráthúla a sholáthar don Roinn chun an meastachán cuntasaíochta ar luach comhiomlán na n-aistrithe sin a fheabhsú. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair ar na torthaí tosaigh a ghineann an uirlis tuairiscithe maidir le cruinneas agus iontaofacht.

Bhí an luach reatha a aistríodh ón gCiste agus a cuireadh chun sochair don Vóta in 2025 díreach faoi bhun €100 milliún. Léiríonn torthaí tosaigh na huirlise tuairiscithe nua go bhfuil an luach athbhreithnithe atá le haistriú ón gCiste agus le cur chun sochair don Vóta i ndáil le 2025 thart ar €160 milliún. Is dócha gur tharla tearcíocaíochtaí comhchosúla in 2022, 2023 agus 2024. (Bheadh aon tionchar carnach a bheadh mar thoradh ar aon ghearríocaíochtaí chuig an Vóta roimh 2022 curtha as an áireamh ag fóirdheontas an Chiste ag an Vóta in 2021.)

Tá sé beartaithe ag an Roinn, nuair a dhéantar torthaí na huirlise tuairiscithe a thástáil go hiomlán agus nuair atá siad iontaofa, dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe de réir na reachtaíochta maidir leis an gcaoi a gcaitear le luach carntha na n-easnamh a sainaithníodh ó thaobh cuntasaíochta de.

Tá an tsócmhainn ag brath ag an am seo toisc nach ndearnadh tástáil iomlán ar thorthaí na huirlise tuairiscithe agus nach féidir brath orthu le dearbhú leordhóthanach.

## 2.8 Costais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe sonracha cláir [a] | 56,123 | 53,431 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla [b] | 18,880 | 17,106 |
| Fabhruithe eile | 5,253 | 4,153 |
| Fabhruithe seirbhísí oibríochtúla | 3,238 | 963 |
| Seirbhísí TF agus tacaíocht | 2,463 | 2,252 |
| Speansais riaracháin | 2,112 | 2,032 |
| | **88,069** | **79,937** |

Nóta [a] Airgead atá dlite d’eagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Phobail, Tionscnamh Poist agus Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (SFP) ar conradh thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead sin le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

[b] Fabhruithe párolla agus saoire a bhaineann le CCRL 39A (féach nóta 2.16).

## 2.9 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,709 | 3,616 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 3,555 | 3,201 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 653 | 715 |
| Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla | 4,930 | 5,167 |
| Cáin bhreisluacha | 177 | 92 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 1,055 | 1,135 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 42 | 32 |
| Fáltais bhreise Státchiste | — | 1 |
| | 14,121 | 13,959 |
| Asbhaintí párolla | 2,271 | 2,135 |
| Atá dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) i leith íocaíochtaí a rinne an CÁS thar ceann an Vóta [a] | 3,076 | 2,392 |
| Aisghabhálacha ró-íocaíochta neamh-chomhoiriúnaithe | 4,351 | 2,297 |
| Aisghabháil fiachais thar ceann tíortha eile de chuid an AE | 228 | 169 |
| Vóta 24 Ceartas, Gnóthaí Baile agus Imirce [b] | 15,322 | 15,736 |
| Nithe sochair fionraí eile | 895 | 1,162 |
| | **40,264** | **37,850** |

Nóta [a] Íocaíochtaí scéime amháin. Níl costais riaracháin san áireamh anseo.

[b] Dlite do Vóta 24 maidir leis an Scéim Íocaíochta Aitheantais Cóiríochta

## 2.10 Glanmhaoiniú an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 86,028 | 95,068 |
| Le géilleadh – Suim Iarchurtha | — | 1,380 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (73,312) | (94,959) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **12,716** | **1,489** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna eile dochair | 138,699 | 148,795 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (85,719) | (109,456) |
| Dlite don Stát | (14,121) | (13,959) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (26,143) | (23,891) |
| | (125,983) | (147,306) |
| | **12,716** | **1,489** |

## 2.11 Cuntas maoiniúcháin Stáit

| | Nóta | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 131,835 | 136,731 |
| Íocaíochtaí Amach ón Vóta | | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 13,362,766 | | |
| Le géilleadh – Suim Iarchurtha | Cuntas | — | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (86,028) | | |
| Glanvóta | | | 13,276,738 | 13,347,916 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 104,968 | 93,340 |
| Míreanna neamhairgid | | | | |
| Glanchoigeartaithe sócmhainní caipitil | 2.1/2.2 | — | | |
| Measchíos | 1 | 19,235 | | |
| | | | 19,235 | 17,308 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (13,394,483) | (13,463,460) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **138,293** | **131,835** |

## 2.12 Gealltanais

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| **a) Gealltanais uilíocha**[a] | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | — | — |
| Caiteachas ar dheontais neamh-chaipitil | 140,424 | 140,220 |
| Tionscadail chaipitil | — | — |
| **Iomlán na ngealltanas atá infhorghníomhaithe le dlí** | **140,424** | **140,220** |

Nóta [a] Athshonraíodh caiteachas ar dheontais neamhchaipitiúla chun an Clár Fostaíochta agus deontais um Chearta Faisnéise agus Leasa a chur san áireamh.

| **b) Cláir deontais neamhchaipitil** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh 1 Eanáir | 140,220 | 72,247 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (207,409) | (187,607) |
| Ceangaltais deontais nua | 208,859 | 256,687 |
| Deontais curtha ar ceal | (1,246) | (1,107) |
| **Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig** | **140,424** | **140,220** |

## 2.13 Léasanna

Níl aon léasanna airgeadais nó oibriúcháin i bhfeidhm laistigh den Roinn le linn 2025.

## 2.14 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach n-urscaoiltear ag deireadh na bliana | **2,560** | **469** |

## 2.15 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le 137 cás dlí a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi mhéid ná tráth na ndliteanas féideartha sin.

## 2.16 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasaíochta

Ag tosú ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú cistiúcháin an Stáit sa bhliain chuntais.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhrú párolla [a] | — | (9,055) |
| Fabhrú saoire [a] | — | (8,051) |
| | **—** | **(17,106)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá gach caiteachas riaracháin atá curtha i leataobh le haghaidh Vóta 37 curtha i leith aon chláir amháin.

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 381,615 | | | | |
| | *Forlíontach* | 9,800 | | | | |
| | | | | 391,415 | 390,358 | 370,558 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | 3,611 | 3,601 | 3,490 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | 2,621 | 2,451 | 2,275 |
| iv | Seirbhísí oibríochta, soláthairtí agus fearais éagsúla | | | 34,383 | 34,239 | 27,031 |
| v | Infheistíocht caipitil dhigitigh agus speansais TF | | | 118,331 | 115,539 | 107,053 |
| vi | Costais áitreabh | | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 24,746 | | | | |
| | *Le géilleadh – Suim Iarchurtha* | 1,380 | | | | |
| | | | | 26,126 | 20,173 | 19,315 |
| vii | Athbhreithnithe ar bheartais, ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta agus ar thaighde | | | 2,935 | 2,188 | 2,182 |
| viii | Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta | | | 95,973 | 96,272 | 94,628 |
| | | | | **675,395** | **664,821** | **626,532** |

### Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (ar a laghad +/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin.

**vi Costais áitreabh**

*Soláthar meastacháin €26.126 milliún; olltoradh €20.173 milliún*

Is féidir an tearc-chaiteachas de €5.953 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin a chur i leith costais tógála níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. Táthar ag súil anois go leanfar ar aghaidh le roinnt tionscadal ar cuireadh moill orthu in 2025 in 2026.

**vii Athbhreithnithe ar bheartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar meastacháin €2.935 milliún; olltoradh €2.188 milliún*

Is féidir an tearc-chaiteachas de €747,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin a chur i leith costais taighde níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. Mar shampla, bhí an t-éileamh in 2025 ar roinnt suirbhéanna a bhain le custaiméirí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialta, seirbhísí, íocaíochtaí chuig an gCiste Árachais Sóisialaigh

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 381,615 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,800 | | | |
| | | | 391,415 | 390,358 | 370,558 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 282,600 | | | |
| | *Le géilleadh – Suim Iarchurtha* | 1,380 | | | |
| | | | 283,980 | 274,463 | 255,974 |
| **Pinsin** | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamhranníocach) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,303,473 | | | |
| | *Forlíontach* | 32,391 | | | |
| | | | 1,335,864 | 1,335,828 | 1,335,726 |
| **Aois Oibre – Tacaí Ioncaim** | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,784,247 | | | |
| | *Forlíontach* | (19,979) | | | |
| | | | 1,764,268 | 1,752,165 | 1,852,511 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 746,566 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,023 | | | |
| | | | 754,589 | 755,926 | 752,835 |
| A.6 | Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | | 12,158 | 12,183 | 12,856 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | 333 | 276 | 386 |
| A.8 | Íocaíochtaí Bunúsacha Liúntas Leasa Forlíontach | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 136,981 | | | |
| | *Forlíontach* | (25,545) | | | |
| | | | 111,436 | 91,534 | 127,908 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 46,996 | | | |
| | *Forlíontach* | 622 | | | |
| | | | 47,618 | 47,599 | 52,054 |

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.10 | Íocaíochtaí Riachtanas Breise | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 80,671 | | | |
| | | *Forlíontach* | (18,560) | | | |
| | | | | 62,111 | 61,135 | 72,020 |
| A.11 | Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 57,560 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,293 | | | |
| | | | | 63,853 | 66,663 | 65,971 |
| A.12 | Tairbhithe na hÍocaíochta Cosanta Sealadaí | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 39,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (16,937) | | | |
| | | | | 22,063 | 17,395 | — |
| **Aois oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | | | | | |
| A.13 | Clár Fostaíochta Pobail | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 369,696 | | | |
| | | *Forlíontach* | 17,042 | | | |
| | | | | 386,738 | 385,220 | 369,219 |
| A.14 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 52,601 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,671) | | | |
| | | | | 50,930 | 50,633 | 51,399 |
| A.15 | Tús | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 84,348 | | | |
| | | *Forlíontach* | 718 | | | |
| | | | | 85,066 | 84,538 | 84,390 |
| A.16 | Tionscnamh Post | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 9,239 | | | |
| | | *Forlíontach* | (329) | | | |
| | | | | 8,910 | 8,811 | 9,751 |
| A.17 | An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | | | 30,007 | 29,608 | 30,224 |
| A.18 | Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 29,296 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,736 | | | |
| | | | | 32,032 | 33,500 | 32,367 |
| A.19 | JobsPlus | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 2,700 | | | |
| | | *Forlíontach* | (177) | | | |
| | | | | 2,523 | 2,546 | 2,597 |

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.20 | Clár Socrúcháin Taithí Oibre | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 4,253 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,001 | | | |
| | | | 6,254 | 5,053 | 3,314 |
| A.21 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | | 5,685 | 4,824 | 5,131 |
| A.22 | Scéimeanna na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí ar Conradh (SFP) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 69,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 11,000 | | | |
| | | | 80,000 | 80,082 | 70,646 |
| A.yy | Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP) | | 100 | 64 | 41 |
| A.zz | Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF) | | 300 | 132 | 1,541 |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | |
| A.23 | Liúntas Míchumais | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,389,173 | | | |
| | *Forlíontach* | 90,667 | | | |
| | | | 2,479,840 | 2,477,346 | 2,408,096 |
| A.24 | Pinsean na nDall | | 12,576 | 12,707 | 13,470 |
| A.25 | Liúntas Cúramóra | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,240,678 | | | |
| | *Forlíontach* | 58,639 | | | |
| | | | 1,299,317 | 1,305,687 | 1,202,533 |
| A.26 | Liúntas Cúraim Baile | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 301,268 | | | |
| | *Forlíontach* | 27,283 | | | |
| | | | 328,551 | 328,719 | 288,095 |
| A.27 | Deontas Tacaíochta do Chúramóirí | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 334,193 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,764 | | | |
| | | | 348,957 | 349,650 | 351,215 |
| A.28 | Scéim Fóirdheontas Pá | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 22,900 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,158) | | | |
| | | | 21,742 | 22,109 | 23,465 |

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.29 | Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 26,545 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | 26,045 | 22,884 | 23,283 |
| **Leanaí** | | | | | |
| A.30 | Sochar Linbh | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,227,356 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,534 | | | |
| | | | 2,233,890 | 2,229,349 | 2,555,122 |
| A.31 | Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 363,218 | | | |
| | *Forlíontach* | 109,535 | | | |
| | | | 472,753 | 467,941 | 420,881 |
| A.32 | An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair | | 9,502 | 9,757 | 9,560 |
| A.33 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 54,357 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,038 | | | |
| | | | 55,395 | 55,420 | 57,109 |
| A.34 | Béilí Scoile | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 300,026 | | | |
| | *Forlíontach* | (51,066) | | | |
| | | | 248,960 | 230,029 | 181,431 |
| A.35 | Íocaíochtaí Eile Bainteach le Leanaí | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 10,675 | | | |
| | *Forlíontach* | 241 | | | |
| | | | 10,916 | 10,985 | 10,891 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, gníomhaireachtaí agus seirbhísí ilghnéitheacha** | | | | | |
| A.36 | Forlíonadh Cíosa | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 42,828 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,133 | | | |
| | | | 51,961 | 52,246 | 57,419 |

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.37 | Liúntas Tacaíochta Teileafóin | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 8,917 | | | |
| | | *Forlíontach* | (42) | | | |
| | | | | 8,875 | 8,918 | 8,904 |
| A.38 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 106,605 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,256 | | | |
| | | | | 107,861 | 107,922 | 100,476 |
| A.39 | Saorthaisteal | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 107,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,600) | | | |
| | | | | 102,000 | 102,445 | 96,622 |
| A.40 | Liúntas Breosla | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 221,599 | | | |
| | | *Forlíontach* | 23,943 | | | |
| | | | | 245,542 | 233,168 | 285,593 |
| A.41 | Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | | 66,543 | 64,991 | 61,718 |
| A.42 | Ranníocaíocht Stáit maidir le hUathchlárú | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 13,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (13,000) | | | |
| | | | | — | — | — |
| A.43 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 12,483 | | | |
| | | *Forlíontach* | (602) | | | |
| | | | | 11,881 | 11,776 | 11,618 |
| A.44 | *Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005* | | | — | — | — |
| | | | | **13,681,340** | **13,594,585** | **13,726,920** |

## Éagsúlachtaí suntasacha

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna a bhfuil éagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas neamhriaracháin cláir (+/- 0.1% den leithreasú comhlán de réir vóta i.e. éagsúlachtaí de réir fo-cheannteideal os cionn €13.4 milliún in 2025).

### A.3 Pinsean Stáit (Neamhranníocach)

*Soláthar meastacháin €1,303.473 milliún; olltoradh €1,335.828 milliún*

Tharla an róchaiteachas de €32.355 milliún go príomha mar gheall ar íocaíocht dhúbailte bhónas na Nollag, nár foráladh dó sna Meastacháin, ar chostas iomlán measta de €27.074 milliún.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaiteachas ná líon níos airde tairbhithe cosanta sealadaí[1] a bhí ag fáil íocaíocht Pinsin Stáit (Neamh-Ranníocach) ná mar a measadh. Bhí sé sin amhlaidh mar gheall ar na deacrachtaí bunúsacha, meastachán cruinn a dhéanamh ar chaiteachas maidir leis an gcohórt sin faighteoirí, atá ag brath i ndeireadh na dála, ar líon agus próifíl na dtairbhithe de chosaint shealadach atá ag teacht chun agus ag fágáil na tíre.

### A.4 Liúntas Cuardaitheora Poist

*Soláthar meastacháin €1,784.247 milliún; olltoradh €1,752.165 milliún*

Bhí an tearc-chaiteachas de €32.082 milliún ann go príomha mar gheall ar líon níos ísle faighteoirí ná mar a measadh. Bhí meánlíon seachtainiúil iarbhír na bhfaighteoirí (110,250) 3,461 níos lú ná mar a measadh (113,711). Shábháil sé seo €48.573 milliún agus thárla sé mar gheall ar éilitheoirí maidir le Liúntas Cuardaitheora Poist a chuimsíonn cion níos ísle den Chlár Beo foriomlán ná mar a breathnaíodh sna blianta roimhe seo. Tugann sé sin le fios go bhfuil go leor ranníocaíochtaí ÁSPC ag níos mó daoine nua-dhífhostaithe chun cáiliú do shochair dhífhostaíochta, amhail an Sochar Pá-Choibhneasa Cuardaitheora Poist a tugadh isteach le déanaí, ná mar a bhí roimhe seo.

Rinneadh an coigilteas sin a fhritháireamh go páirteach le híocaíocht dhúbailte bhónas na Nollag, nach ndearnadh foráil di sna Meastacháin, ar chostas iomlán measta €25.202 milliún.

### A.8 Íocaíochtaí Bunúsacha Liúntas Leasa Forlíontach

*Soláthar meastacháin €136.981 milliún; olltoradh €91.534 milliún*

Tharla an tearc-chaiteachas €45.447 milliún go príomha mar gheall ar níos lú faighteoirí ná mar a measadh in 2025. Bhí meánlíon seachtainiúil iarbhír na bhfaighteoirí (10,202) 2,341 níos lú ná mar a measadh (12,543). Tá an scéim dírithe go mór ar an éileamh agus tá an líon éileamh a fuarthas tar éis athrú bliain ar bhliain go stairiúil, rud a fhágann go bhfuil sé deacair meastachán cruinn a dhéanamh ar chaiteachas. Ní dhearnadh aon athrú ar chritéir incháilitheachta ná ar oibriú na scéime.

---

[1] Is éard atá i gceist le Tairbhithe de Chosaint Shealadach ná iad siúd a bhfuil cosaint á cur ar fáil dóibh de réir Threoir um Chosaint Shealadach an AE a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagra ar ionradh na Rúise ar an Úcráin in 2022.

**A.10 Íocaíocht ar Riachtanais Bhreise**

*Soláthar meastacháin €80.671 milliún; olltoradh €61.135 milliún*

Bhí an tearc-chaiteachas de €19.536 milliún ann mar gheall ar líon níos ísle íocaíochtaí ná mar a measadh in 2025.

Tá an scéim dírithe go mór ar an éileamh, agus tá éagsúlacht stairiúil tagtha ar líon na n-iarratas ó mhí go mí agus ó bhliain go bliain, rud a fhágann go bhfuil sé deacair caiteachas a mheas go cruinn.

Bhí meastachán 2025 bunaithe ar an olltoradh a bhí ag teacht chun cinn i dtreo dheireadh 2024, ach bhí líon na n-iarratas agus na ndámhachtainí ina dhiaidh sin in 2025 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**A.12 Tairbhithe na hÍocaíochta Cosanta Sealadaí**

*Soláthar meastacháin €39.000 milliún; olltoradh €17.395 milliún*

Tharla an tearc-chaiteachas €21.605 milliún go príomha mar gheall ar níos lú faighteoirí ná mar a measadh in 2025.

I mí Mheán Fómhair 2024, thug an Rialtas athruithe isteach ar theidlíochtaí tairbhithe cosanta sealadaí (BoTP). De bhun na n-athruithe sin, ba iad Tairbhithe na hÍocaíochta Cosanta Sealadaí an phríomhíocaíocht cosanta sóisialta le haghaidh BoTPanna a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht Státseirbhíse ainmnithe. Tugadh meastachán 2025 chun críche go gairid ina dhiaidh sin, agus ag an bpointe sin bhí tionchar iomlán na n-athruithe fós éiginnte, agus mar gheall air sin bhí sé deacair meánlíon seachtainiúil na bhfaighteoirí a mheas go cruinn.

**A.13 Clár Fostaíochta Pobail**

*Soláthar meastacháin €369.696 milliún; olltoradh €385.220 milliún*

Tharla an róchaiteachas €15.524 milliún go príomha mar gheall ar líon níos airde faighteoirí ná mar a measadh, lena n-áirítear líon níos airde tairbhithe de chosaint shealadach. Ar an iomlán, bhí na meánrannpháirtithe iarbhír (19,603) 425 níos airde ná mar a measadh (19,178).

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaiteachas ná Bónas na Nollag a íoc, rud nach ndearnadh foráil dó sna Meastacháin, ar chostas measta iomlán de €5.785 milliún.

**A.23 Liúntas Míchumais**

*Soláthar meastacháin €2,389.173 milliún; olltoradh €2,477.346 milliún*

Tharla an róchaiteachas de €88.173 milliún go príomha mar gheall ar íocaíocht dhúbailte bhónas na Nollag, nár foráladh dó sna Meastacháin, ar chostas iomlán measta de €45.365 milliún.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná meánlíon níos airde faighteoirí ná mar a measadh. Cosnaíonn sé seo €42.808 milliún agus cuirtear i leith líon níos airde daoine a bhfuil íocaíochtaí míchumais á n-éileamh acu, rud a bhaineann le fás daonra, dul in aois, agus leitheadúlacht mhéadaithe míchumais. Toisc go bhfuil an scéim ag brath ar an éileamh atá ann di, tá gach iarratasóir a chomhlíonann critéir na scéime i dteideal íocaíocht a fháil.

**A.25 Liúntas Cúramóra**

*Soláthar meastacháin €1,240.678 milliún; olltoradh €1,305.687 milliún*

Tharla an róchaiteachas €65.009 milliún go príomha mar gheall ar líon níos airde faighteoirí ná mar a measadh ag meánráta íocaíochta níos airde ná mar a measadh. Chosain sé sin €40.061 milliún agus léiríonn sé treocht mhéadaitheach i líon na ndaoine aonair a fhaigheann Liúntas Cúramóra, atá inchurtha ní hamháin i leith fás agus aosú an daonra, ach freisin i leith leitheadúlacht níos airde míchumais agus líon méadaithe daoine a bhfuil cúram de dhíth orthu. Toisc go bhfuil an scéim ag brath ar an éileamh atá ann di, tá gach iarratasóir a chomhlíonann critéir na scéime i dteideal íocaíocht a fháil.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaiteachas ná íocaíocht dhúbailte bhónas na Nollag, nach ndearnadh foráil dó sna meastacháin, ar chostas measta iomlán de €24.205 milliún.

**A.26 Liúntas Cúram Baile**

*Soláthar meastacháin €301.268 milliún; olltoradh €328.719 milliún*

Tharla an róchaiteachas €27.451 milliún go príomha mar gheall ar líon níos airde faighteoirí ná mar a measadh in 2025. Chosain sé seo €12.939 milliún agus léiríonn sé ráta luathaithe fáis i measc daoine atá ag éileamh íocaíochtaí a bhaineann le cúram mar gheall go príomha, i gcás Liúntas Cúraim Baile, ar mhinicíocht níos airde míchumais i measc leanaí. Toisc go bhfuil an scéim ag brath ar an éileamh atá ann di, tá gach iarratasóir a chomhlíonann critéir na scéime i dteideal íocaíocht a fháil.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaiteachas ná íocaíocht dhúbailte bhónas na Nollag, nach ndearnadh foráil dó sna Meastacháin, ar chostas measta iomlán de €6.641 milliún.

**A.27 Deontas Tacaíochta Cúramóra**

*Soláthar meastacháin €334.193 milliún; olltoradh €349.650 milliún*

Tharla an róchaiteachas €15.457 milliún go príomha mar gheall ar líon níos airde faighteoirí ná mar a measadh. Ba léiriú é ar an ráta fáis a raibh dlús faoi de dhaoine a raibh éileamh á dhéanamh acu ar íocaíochtaí cúraim, a bhí mar thoradh go páirteach ar ardú sa daonra agus daoine ag dul in aois ach mar thoradh chomh maith ar mhéadú ar líon na ndaoine faoi mhíchumas. Toisc go bhfuil an scéim ag brath ar an éileamh atá ann di, tá gach iarratasóir a chomhlíonann critéir na scéime i dteideal íocaíocht a fháil.

**A.31 Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht**

*Soláthar meastacháin €363.218 milliún; olltoradh €467.941 milliún*

Bhí an róchaitheamh de €104.723 milliún mar gheall ar mheánluach íocaíochta níos airde ná mar a measadh go príomha, a raibh costas €78.392 milliún ag baint leis. Is deacair meastachán a dhéanamh ar an meánluach íocaíochta i mbliain ar leith. Bíonn tionchar ag tosca raoin air amhail fás pá ar fud an gheilleagair, athruithe ar líon na n-uaireanta a oibríonn faighteoirí scéime agus athruithe ar phróifíl na bhfaighteoirí, i dtéarmaí ioncam agus mhéid teaghlaigh na n-éilitheoirí gach bliain. Tá ráta íocaíochta na scéime socruithe ag 60% den difríocht idir ioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus an srian ioncaim atá socruithe ag brath ar mhéid an teaghlaigh.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an róchaiteachas ná líon níos airde ná mar a measadh de theaghlaigh a bhí ag fáil tacaíochta. Bhí líon iarbhír (48,062) na bhfaighteoirí 2,487 níos airde ná mar a measadh (45,575). Chosain sé seo €19.581 milliún agus bhí sé mar gheall ar nádúr éileamh-bhunaithe na scéime.

De bhun an róchaiteachais shuntasaigh ar an Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht in 2025, d’fhorbair an Roinn modheolaíocht nua meastacháin costais don scéim ó shin, modheolaíocht a cuireadh chun feidhme le linn phróiseas Buiséadach 2026.

**A.34 Béilí Scoile**

*Soláthar meastacháin €300.026 milliún; olltoradh €230.029 milliún*

Ó mhí Aibreáin 2025 i leith, tá an tráinse deiridh de bhreis agus 700 bunscoil incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chlár béilí scoile te. Mar thoradh air sin, socraíodh buiséad na scéime don bhliain féilire 2025 ag €300.026 milliún. Mar sin féin, chun páirt a ghlacadh sa scéim, ní mór do scoileanna soláthar a dhéanamh chun soláthraí béilí scoile a fhostú. Thug an Roinn Oideachais agus Óige an cháipéisíocht soláthair cothrom le dáta in 2025. Mar thoradh air sin, níor chuir sciar suntasach de na scoileanna incháilithe iarratas isteach le linn an chuid eile den bhliain acadúil 2024 – 2025, rud a d’fhág go raibh tearc-chaiteachas €69.997 milliún ann.

**A.42 Ranníocaíocht Stáit maidir le hUathchlárú**

*Soláthar meastacháin €13 milliún; iomlán faighte €0*

Tráth a tugadh Meastacháin 2025 chun críche, bhí sé beartaithe an córas coigiltis uathchláraithe, Mo Chiste don Todhchaí, a sheoladh i mí Mheán Fómhair 2025. Athraíodh é sin ina dhiaidh sin go mí Eanáir 2026, rud a d’fhág nach raibh aon chaiteachas faoin bhfo-cheannteideal seo in 2025.

## Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Aistriú an Chiste Árachais Shóisialaigh go Vóta 37** | | | | | | |
| 1 | Aisghabháil costas tabhaithe ar Vóta 37 a riarann scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 197,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,187 | | | |
| | | | | 201,087 | 198,511 | 189,061 |
| **Leithreasaí i gcabhair: Eile** | | | | | | |
| 2 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí ar scéimeanna Vóta 37 a ardaíodh sna blianta roimhe seo | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 58,173 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,583 | | | |
| | | | | 64,756 | 63,464 | 59,844 |
| 3 | Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh a rinneadh ar dtús faoi Vóta 37 sna blianta roimhe seo | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 2,795 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,645 | | | |
| | | | | 7,440 | 7,728 | 2,601 |
| 4 | Fáltais faoi fhorálacha ‘Dliteanas Teaghlaigh a Chothabháil’ i gCuid XII den Acht um Dhliteanas Oibriúcháin 2005 | | | — | — | 69 |
| 5 | Fáltais Ard-Chláraitheora bailithe ag an Roinn | | | 600 | 830 | 627 |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 9,234 | | | |
| | | *Forlíontach* | 170 | | | |
| | | | | 9,404 | 9,688 | 8,981 |
| 7 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa | | | 620 | 532 | 840 |
| 8 | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna | | | | | |
| | | *Leagan Bunaidh* | 7,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,500) | | | |
| | | | | 6,400 | 6,459 | 6,447 |

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 9 | Fáltais ón Údarás Pinsean – ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne | | 645 | 765 | 730 |
| 10 | Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (525) | | | |
| | | | 475 | 1,372 | 599 |
| 11 | Aisghabháil cúnaimh ó dhámhachtainí cúitimh árachais | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 2,999 | | | |
| | *Forlíontach* | 660 | | | |
| | | | 3,659 | 3,983 | 2,935 |
| 12 | Fáltais ó Chúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+)) | | — | 523 | 1,005 |
| 13 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí ón Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFPS/TWSS) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 4,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,449 | | | |
| | | | 5,449 | 5,539 | 12,628 |
| 14 | Aisghabháil ró-íocaíochtaí ón Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta (SFPF) | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 9,300 | | | |
| | *Forlíontach* | (203) | | | |
| | | | 9,097 | 11,365 | 35,076 |
| 15 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,942 | | | |
| | | | 8,942 | 7,088 | 9,619 |
| 16 | Fáltais ó EU-REACT | | | | |
| | *Leagan Bunaidh* | 5,327 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,327) | | | |
| | | | — | — | 47,942 |
| | | | **318,574** | **317,847** | **379,004** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasuithe i gcabhair (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

**2 Aisghabháil ró-íocaíochtaí ar scéimeanna Vóta 37 a ardaíodh sna blianta roimhe seo**

*Soláthar meastacháin €58.173 milliún; iomlán faighte €63.464 milliún*

Baineann admhálacha faoin bhfo-cheannteideal seo le haisghabhálacha ró-íocaíochta ar scéimeanna Vóta 37 agus ar sheirbhísí ina dtarlaíonn an aisghabháil tar éis dheireadh na bliana inar tharla an ró-íocaíocht agus ina bhfuil dhá ghné san áireamh:

- Aisghabháil airgid thirim
- Asbhaintí aisghabhála

Ar deireadh thiar thall, is é an tionchar is mó a bhíonn ar fháltais ná líon agus luach na n-aisghabhálacha a dhéantar a bhfuil éagsúlacht ag baint leo ó thaobh céatadáin de go stairiúil, ó mhí go mí agus ó bliain go bliain araon.

Bhí na fáltais €5.291 milliún níos airde in 2025 ná mar a measadh go mbeadh siad. Léiríonn sé seo an ghníomhaíocht aisghabhála méadaithe agus an deacracht a bhaineann le fáltais a thuar go cruinn 12 mhí roimh ré.

**3 Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh a rinneadh ar dtús faoi Vóta 37 i mblianta roimhe**

*Soláthar meastacháin €2.795 milliún; iomlán faighte €7.728 milliún*

Úsáidtear an fo-cheannteideal seo chun aisghabháil íocaíochtaí cúnaimh shóisialta ón gCiste Árachais Shóisialta (CÁS) a thaifeadadh, i gcás ina ndéantar difear do choigeartú idirscéime i leith íocaíochtaí ar cheart iad a bheith eisithe go cuí ó CÁS tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Tarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a dhéanann duine éileamh ar liúntas forlíontach leasa, nó go ndéantar cinneadh nó go dtugtar achomharc chun críche maidir le héileamh a bhaineann le sochar árachais shóisialaigh.

Braitheann na fáltais ag deireadh an lae ar líon agus cineál na gcinntí a dhéantar maidir leis na héilimh/hachomhairc atá i gceist. Baineann éagsúlacht leo sin ó thaobh céatadáin de go stairiúil, ó mhí go mí agus ó bhliain go bliain araon.

**5 Fáltais Ard-Chláraitheora bailithe ag an Roinn**

*Soláthar meastacháin €600,000; iomlán faighte €830,000*

Tá na hadmhálacha san fho-cheannteideal seo á dtiomáint ag íocaíochtaí táillí ó chustaiméirí a íoctar le GRO i leith deimhnithe agus seirbhísí a sholáthraítear. Eisíodh níos mó deimhnithe ná mar a bhíothas ag súil leis in 2025.

**8 Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna**

*Soláthar meastacháin €7.900 milliún; iomlán faighte €6.459 milliún*

Bhí fáltais iarbhír ón gCiste Náisiúnta Oiliúna €1.441 milliún níos ísle ná mar a measadh, mar gheall go príomha ar ioncam réamh-mheasta i leith an Chláir Taithí Socrúcháin Oibre nár baineadh amach, tar éis cinneadh Rialtais i leith athruithe ar chomhdhéanamh an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta.

9 **Fáltais ón Údarás Pinsean – ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne**

*Soláthar meastacháin €645,000 iomlán faighte €765,000*

Tá barrachas na bhfáltas in 2025 ar an bhfo-cheannteideal seo de €120,000 á spreagadh go príomha ag méadú beag ar fháltais ar bhonn míosúil i rith na bliana agus ag eisiúint uainiúcháin maidir le fáltais a sholáthar ón Údarás Pinsean i leith dheireadh 2024.

10 **Fáltais ó Chuntas Díomhaoin**

*Soláthar meastacháin €1.000 milliún; iomlán faighte €1.372 milliún*

Baineann an phríomhchúis leis an bhfarasbarr fáltas san fho-cheannteideal seo in 2025 le haisíocaíocht a cuireadh ar fáil don Roinn ó Pobal i leith roinnt beart, atá dúnta anois, a d'oibrigh Pobal thar ceann na Roinne agus atá maoinithe ag an Roinn.

11 **Aisghabháil cúnaimh ó dhámhachtainí cúitimh árachais**

*Soláthar meastacháin €2.999 milliún; iomlán faighte €3.983 milliún*

Aisghabhann an scéim Aisghabhála Sochar agus Cúnaimh luach íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a bhaineann le breoiteacht ó dhámhachtainí cúitimh a dhéantar do dhuine mar thoradh ar éileamh díobhála pearsanta. Mar sin, tá an Roinn ag brath ar réiteach éileamh díobhála pearsanta chun na sochair ábhartha a ghnóthú. Braitheann tráthúlacht réitigh na n-éileamh seo ar na páirtithe a bhfuil baint acu leis an éileamh díobhála pearsanta, ar an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta agus/nó ar na cúirteanna agus mar sin is deacair é a thuar. Dá réir sin, d'fhéadfadh an méid a bheith éagsúil ó bhliain go bliain mar a léirítear sa mhéid go raibh na fáltais iarbhír €984,000 níos airde ná mar a measadh.

12 **Fáltais ó Chúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+)**

*Soláthar meastacháin €0; iomlán faighte €523,000*

Ba é toradh 2025 ná €523,000 níos mó ná mar a measadh mar gheall ar réamh-mhaoiniú an chláir a fuarthas ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta arb iad an tÚdarás Bainistíochta do Chlár CSE+ in Éirinn iad.

13 **Ró-íocaíochtaí a aisghabháil ón Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS)**

*Soláthar meastacháin €4.000 milliún; iomlán faighte €5.539 milliún*

Ó dúnadh an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá in 2020, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag aisghabháil ró-íocaíochtaí gan íoc ó fhostóirí. Bhí an meastachán bunaithe ar an ionchas go dtiocfadh laghdú níos mó ar leibhéal na ró-íocaíochtaí a aisghabhfaí i gcomparáid le 2024. Bhí na fáltais iarbhír €1.539 milliún níos airde ná mar a measadh.

14 **Ró-íocaíochtaí a aisghabháil ón Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF/EWSS)**

*Soláthar meastacháin €9.300 milliún; iomlán faighte €11.365 milliún*

Ó dúnadh an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá i mí na Bealtaine 2022, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag aisghabháil ró-íocaíochtaí gan íoc ó fhostóirí. Bhí an meastachán bunaithe ar an ionchas go dtiocfadh laghdú níos mó ar leibhéal na ró-íocaíochtaí a aisghabhfaí i gcomparáid le 2024. Bhí fáltais iarbhír €2.065 milliún níos airde ná mar a measadh.

**15 Ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €1.000 milliún; iomlán faighte €7.088 milliún*

Úsáidtear an fotheideal sin chun fáltais a thaifeadadh nach raibh beartaithe nuair a tugadh na meastacháin chun críche agus fáltais bheaga freisin ar nós seiceanna cealaithe a thabhairt ar ais.

Bhí fáltais €6.088 milliún níos mó ná mar a measadh, go príomha mar gheall orthu seo a leanas

- Barrachas €2.338 milliún ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh i leith 2024.
- €1.847 milliún i snámháin oibriúcháin ó Pobal; i leith na dtionscadal WorkAbility.
- €1.140 milliún d'airleacan agus de tháillí ó sholáthraithe Seirbhísí Fostaíochta Limistéir Áitiúil na gComhpháirtithe Intreo.

**16 Fáltais ó EU-REACT**

*Soláthar meastacháin €5.327 milliún; iomlán faighte €0*

Is ionann fáltais mheasta €5.327 milliún agus an méid coinneála 10 %, arna choinneáil siar mar is caighdeánach ag an gCoimisiún Eorpach go dtí go gcríochnóidh an tÚdarás Iniúchóireachta/an Coimisiún Eorpach iniúchtaí ar an éileamh substainteach a rinne an roinn sa réimse seo in 2024, chomh maith le dúnadh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh ar chlár ábhartha Cistiúcháin an Aontais, is é sin an Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) sa chás seo. Táthar ag súil go ndúnfar clár PEIL in 2026 agus dá bhrí sin tá an Roinn fós ag fanacht leis na cistí a fháil, táthar ag súil leo sa dara leath de 2026.

## 4.2 Ioncam na Vótaíochta

Is ionann leithreasuithe i gcabhair agus méideanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Ioncam na Vótaíochta is ea ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhraithe. Seo a leanas an mionsonra:

| | 2025 |
|---|---|
| | €000 |
| **Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte** | |
| Deontas an Phríomh-Chiste | 13,276,738 |
| Ranníocaí aoisliúntais breise | 10,453 |
| Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna | 6,459 |
| Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine | 1,372 |
| Maoiniú AE | 1,055 |
| Fáltais an Chláir Ghinearálta | 830 |
| | 13,296,907 |
| **Ioncam ó idirbhearta malairte** | |
| Muirear riaracháin ar an gCiste Árachais Shóisialaigh | 198,511 |
| Ioncam úis | 57 |
| | 198,568 |
| **Ioncam eile** | |
| Aisghabháil ró-íocaíochtaí ar scéimeanna Vóta 37 a ardaíodh sna blianta roimhe seo | 63,464 |
| Ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó Scéimeanna Fostaíochta agus Fóirdheontais Shealadaigh Pá | 17,045 |
| Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh a rinneadh ar dtús faoi Vóta 37 sna blianta roimhe seo | 7,728 |
| Airleacain, táillí agus snámháin a fháil ar ais | 6,138 |
| Aisghabháil cúnaimh ó dhámhachtainí cúitimh árachais | 4,377 |
| Ioncam ilghnéitheach | 893 |
| | 99,645 |
| **Ioncam iomlán** | **13,595,120** |
| **Léirithe ag** | |
| Leithreasaí i gcabhair iomlána (nóta 4.1) | 317,847 |
| Deontas an Phríomh-Chiste | 13,276,738 |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | 535 |
| | **13,595,120** |

## 4.3 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 1 | — |
| Airgead coinsiasa | 2 | 4 |
| Costais finnéithe | — | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (3) | (3) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **—** | **1** |

## 4.4 Ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a ghnóthú

Tá an Láraonad Fiachais (LAF) freagrach as ró-íocaíochtaí custaiméirí aonair taifeadta agus aisghabháil fiachais a bhainistiú. [a]

Seo a leanas an seasamh achomair ar ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa taifeadta agus fiachas arna bhainistiú ag an LAF amhail an 31 Nollaig 2025.

| | | 2025 Olltoradh | | 2024 Olltoradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 1 Eanáir | | 415,974 | | 397,533 |
| Glanmhéid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh | | | | |
| Calaois amhrasta | 25,132 | | 20,530 | |
| Earráid custaiméara | 45,923 | | 47,180 | |
| Earráid oifigiúil | 1,425 | | 1,123 | |
| Cásanna eastáit | 25,208 | | 23,698 | |
| | | 97,688 | | 92,531 |
| | | 513,662 | | 490,064 |
| *Lúide:* | | | | |
| Fiachas aisghafa [b] | (69,625) | | (65,624) | |
| Coigeartú aisghabhála [c] | 655 | | 484 | |
| | | (68,970) | | (65,140) |
| Fiachais na bliana roimhe sin curtha ar ceal [d] | | (4,771) | | (4,355) |
| Fiachas a díscríobhadh mar dho-aisghabhála | | (6,668) | | (4,595) |
| **Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 31 Nollaig** | | **433,253** | | **415,974** |

Nóta [a] Is é an limistéar scéime faoi seach a riarann bainistíocht ró-íocaíochtaí agus aisghabhálacha fiachais a eascraíonn as comhaontuithe caidrimh chonarthaigh nó leibhéal seirbhíse le heintitis chorparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna ar nós Fostaíocht Phobail, agus ní luaitear anseo iad. B’ionann aisghabhálacha iomlána 2025 do na scéimeanna sin agus €1.1 milliún (2024: €650,000).

In 2025, riar na Coimisinéirí Ioncaim aisghabhálacha fiachais don Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus don Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) nach dtuairiscítear anseo. Déantar aisghabhálacha €3,000 le haghaidh ró-íocaíochtaí 2025 a ghlanluacháil as caiteachas scéime SFSP 2025 agus SFPF (2024: €35,000). Áirítear aisghabhálacha €16.9 milliún do ró-íocaíochtaí na mblianta roimhe sin i Leithreasaí i gcabhair, Nóta 4.1 (2024: €47.7 milliún).

[b] Déantar anailís ar mhéid an fhiachais a aisghabhadh in 2025 mar seo a leanas: (a) €64 milliún breactha go dtí ioncam maidir le fiacha na bliana roimhe (b) €5.6 milliún breactha go dtí caiteachas maidir le fiacha na bliana reatha.

[c] Baineann an coigeartú le haisghabhálacha taifeadta i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal i rith na bliana.

[d] Baineann fiachais na bliana roimhe a cuireadh ar ceal le ró-íocaíochtaí a ardaíodh sna blianta roimhe sin a cuireadh ar ceal in 2025. Tuairiscítear aon ró-íocaíocht nua ina dhiaidh sin a ardaítear mar thoradh ar achomharc nó ar chinneadh athbhreithnithe faoi ghlan-ró-íocaíochtaí taifeadta.

[e] Díscríobhadh fiachais arbh fhiú €6.7 milliún iad le linn 2025. B'ionann €5.4 milliún agus díscríobhanna a rinneadh faoi bheartas bliantúil na Roinne ina ndéantar athbhreithniú ar fhiacha reatha i dtéarmaí cibé an bhfuil sé eacnamaíoch dul sa tóir orthu nó an bhfuil siad do-aisghabhála. Rinneadh an chuid eile de na díscríobhanna sa ghnáthchúrsa gnó. Áirítear le figiúr díscríofa fiachais 2025, 194 custaiméir a raibh fiachais aonair níos mó ná €10,000 díscríofa acu ar luach iomlán €6.8 milliún (Vóta: €5.3 milliún; CÁS: €1.5 milliún).

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Roinn | 6,937 | 7,037 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 183 | 162 |
| **Iomlán** | **7,120** | **7,199** |

Nóta [a] An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, an tÚdarás Pinsean agus an tÚdarás Náisiúnta um Choigiltis Scoir don Chlárú Uathoibríoch

### 5.2 Pá

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 377,948 | 360,641 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,573 | 1,388 |
| Liúntais eile | 1,721 | 1,831 |
| Ragobair | 4,920 | 4,132 |
| ÁSPC an Fhostóra | 33,333 | 30,438 |
| **Pá iomlán** [a] | **419,495** | **398,430** |

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 365,572 | 349,556 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,444 | 1,312 |
| Liúntais eile | 1,721 | 1,831 |
| Ragobair | 4,920 | 4,132 |
| ÁSPC an Fhostóra | 32,010 | 29,293 |
| **Pá iomlán** [b] | **405,667** | **386,124** |

Nóta [a] Dáiltear an figiúr pá iomlán trasna gnéithe pá d’fho-mhírchinn riaracháin A.i agus A.viii.

[b] Áirítear leis an bpá iomlán an costas a bhaineann le daoine aonair a thugann faoi ghníomhaíochtaí an Údaráis Náisiúnta um Uathrollú Coigiltis Scoir.

| Luach saothair fhoireann na gníomhaireachta | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 12,376 | 11,085 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 129 | 76 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,323 | 1,145 |
| **Pá iomlán** | **13,828** | **12,306** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre a

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2025 € | 2024 € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 415 | 34 | 30,644 | 26,701 |
| Ragobair | 2,129 | 87 | 26,004 | 24,086 |
| Liúntais sealoibre agus uainchláir | 25 | 20 | 19,152 | 17,384 |
| Ilghnéitheach | 346 | 7 | 34,879 | 37,660 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 325 | 108 | 34,271 | 38,708 |
| **Foireann na Gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 16 | 6 | 16,282 | 15,034 |

Nóta [a] Baineann na liúntais, ragobair agus sonraí luacha saothair eile sa nóta sin le fostaithe na Roinne agus fostaithe na ngníomhaireachtaí sonraithe i nóta 5.1 thuas.

## 5.4 Bandaí pá fostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a bhfuil a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 aníos mar seo a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2025** | **2024** |
| 20,000 | 59,999 | 5,423 | 5,594 |
| 60,000 | 69,999 | 800 | 736 |
| 70,000 | 79,999 | 459 | 347 |
| 80,000 | 89,999 | 212 | 143 |
| 90,000 | 99,999 | 112 | 100 |
| 100,000 | 109,999 | 49 | 40 |
| 110,000 | 119,999 | 41 | 34 |
| 120,000 | 129,999 | 22 | 13 |
| 130,000 | 139,999 | 6 | 5 |
| 140,000 | 149,999 | 2 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | — | — |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 3 |
| 170,000 | 179,999 | 1 | 3 |
| 180,000 | 189,999 | 7 | 4 |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | — | 1 |
| 240,000 | 249,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas sin caiteachas €797,716 i leith 12 oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn don bhliain iomlán nó cuid de 2025 agus ar íoc an Roinn a dtuarastail. Déanann an Roinn na costais sin a fhorchúiteamh ó eagraíochtaí eile.

## 5.6 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

Le linn 2025, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach €34,164 agus scaoilíocaíochtaí dar luach €48,808 san iomlán le ceathrar ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht. San áireamh sna méideanna thuas tá €43,373 do bheirt iarbhall foirne atá á gcúiteamh óna máthair-Ranna.

## 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2025 €000** | **2024 €000** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 1,070 | 2,564 | 2,282 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 157 | 562 | 1,031 |

Nóta [a] Aistríodh pleananna aisghabhála ró-íocaíochtaí a raibh luach €61,087 acu chuig ranna/oifigí éagsúla rialtais in 2025.

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

| | **2025 €000** | **2024 €000** |
|---|---|---|
| Bunphá | **245** | **238** |

Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall de scéim aoisliúntais roimh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní theann a t(h)eidlíochtaí chuige sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn/Oifig sa bhliain**

| | Éilimh ag | | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | Daoine den phobal | | | 2025 | 2024 |
| | Díobhálacha pearsanta [a] | Díobhálacha pearsanta [b] | Scéimeanna na Roinne | Eile [c] | | |
| Líon na gcásanna | 5 | 3 | 3 | 19 | 30 | 39 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | 77 | 15 | 22 | — | 114 | 58 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/Oifig nó thar a ceann | | | | | | |
| Cúiteamh | 5 | 19 | 10 | — | 34 | 289 |
| Costais dlí | — | — | — | 618 | 618 | 860 |
| Costais eile | 2 | 2 | — | 8 | 12 | 18 |
| **2025 Iomlán** | **84** | **36** | **32** | **626** | **778** | **1,225** |
| 2024 Iomlán | 181 | 2 | 132 | 910 | 1,225 | |

Nóta [a] Cásanna iomlána 5. Bhí na suimeanna a íocadh i leith daoine aonair idir na réimsí €45 go €76,195.

[b] Cásanna iomlána 3. Bhí na suimeanna a íocadh i leith daoine aonair idir na réimsí €738 go €33,412.

[c] Cásanna iomlána 19. Bhí costais iomlána aonair sna réimsí €768 go €85,067. Baineann 17 cás le costais dlí le páirtithe eile. Baineann 2 chás le costais stionsagrafaíochta do pháirtithe eile.

**Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2025**

| | Éilimh ag | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaithe | Daoine den phobal | | | 2025 |
| | Díobhálacha pearsanta | Díobhálach a pearsanta | Scéimeanna na Roinne | Eile | |
| Líon na gcásanna | 2 | 1 | 2 | 17 | 22 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | 133 | 15 | 22 | — | 170 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/Oifig nó thar a ceann | | | | | |
| Cúiteamh | 111 | 19 | — | — | 130 |
| Costais dlí | — | — | — | 618 | 618 |
| Costais eile | 17 | 1 | — | — | 18 |
| **2025 Iomlán** | **261** | **35** | **22** | **618** | **936** |

## 6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Íocadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €3.109 milliún iad (€3.36 milliún in 2024) le daoine a tháinig slán as neachtlanna Mhaigdiléana agus institiúidí eile in 2025.

Íocadh €957,000 (€682,000 in 2024) ex-gratia le maoirseoirí Fostaíochta Pobail (FP) i leith 67 maoirseoir iar-FP agus maoirseoir cúnta FP in 2025.

## 6.3 Maoiniú ón AE

Áirítear leis an olltoradh a thaispeántar i bhfotheidil A.1 go A.43 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE.

| **Cur síos fotheidil:** | | **2025** | **2024** |
|---|---|---|---|
| | **Meastachán** | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ag CSE+) | 6,170 | 6,390 | 5,586 |
| WorkAbility (páirtmhaoinithe ag CSE) | 10,073 | 10,819 | — |
| JobsPlus (páirtmhaoinithe ag CSE) | 240 | 684 | 739 |
| Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (LFFO) (páirtmhaoinithe ag CSE) | 2,600 | 3,022 | 2,008 |

## 6.4 Íocaíochtaí úis dhéanaigh

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Íocaíochtaí úis | **15** | **7** |

## 6.5 Géilleadh iarchurtha

Ní raibh aon ghéilleadh iarchurtha de chaiteachas caipitil in 2025.

## 6.6 Calaois agus calaois amhrasta

| | **Líon na gcásanna** | **2025 €000** | **2024 €000** |
|---|---|---|---|
| Calaois | — | — | — |
| Calaois amhrasta | 2 | — | — |

Nóta [a] Tá dhá chás de chalaois amhrasta in 2025 faoi athbhreithniú faoi láthair agus tá luach na gcalaoisí amhrasta le cinneadh.

## 6.7 Díscríobh

| Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéideanna cuntais fionraí an Chórais Chuntasaíochta Fáltas Fiachais (DRAS) | 322 | — |
| Iarmhéideanna cuntais Fionraí Imréitigh Bainc | 186 | — |
| | **508** | **—** |

## Aguisín A Achoimre ar Chaiteachas na Scéime Coimirce Sóisialaí[a]

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€milliún** | **€milliún** |
| **Vóta 37** | | |
| **Caiteachas comhlán** | 13,595 | 13,727 |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamh-scéime** | | |
| Riarachán | (665) | (627) |
| Fóirdheontas an CÁS | — | — |
| Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (65) | (62) |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | (2) | (2) |
| **Vóta 37 caiteachas na scéime (A)** | **12,863** | **13,036** |
| | | |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | |
| **Caiteachas comhlán** | **15,247** | **14,603** |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamh-scéime** | | |
| Riarachán | (297) | (294) |
| An Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (1,248) | (1,155) |
| **Caiteachas scéim an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)** | **13,702** | **13,154** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéim na Roinne (A+B)** | **26,565** | **26,190** |

Nóta [a] Is mar gheall ar shlánú aon suimeanna iomlána neamhréireacha

## Miondealú ar chaiteachas na scéimeanna

| **Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire** | **2025 €milliún** | **2024 €milliún** |
|---|---|---|
| **Pinsin** | | |
| Pinsin Stáit (Ranníocach) | 8,174 | 7,858 |
| Pinsin Stáit (Neamhranníocach) | 1,336 | 1,336 |
| Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,987 | 1,954 |
| **Iomlán** | **11,497** | **11,148** |
| | | |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 1,752 | 1,852 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | 756 | 753 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 403 | 504 |
| Sochar Pá-Choibhneasa do Chuardaitheoirí Poist | 297 | — |
| Sochar Cuardaitheora Poist do Dhaoine Féinfhostaithe | 10 | 10 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 29 | 31 |
| Sochar Máithreachais | 297 | 285 |
| Sochar Atharthachta, Sochar do Thuismitheoirí agus Sochar Uchtaíoch | 134 | 111 |
| Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach, | 91 | 128 |
| Cúnamh Feirme | 48 | 52 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 58 | 61 |
| Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile | 67 | 66 |
| Íocaíochtaí Riachtanas Breise | 61 | 72 |
| Sochair Chóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 170 | 160 |
| Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach) | 12 | 13 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 1 | 1 |
| Tairbhithe na hÍocaíochta Cosanta Sealadaí | 17 | — |
| **Iomlán** | **4,203** | **4,099** |
| | | |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | |
| Cúnamh Bia agus Ábhar | 6 | 6 |
| Íocaíochtaí Neachtlanna Maigdiléana agus Institiúidí eile | 3 | 3 |
| Forlíonadh Cíosa agus Liúntas Cíosa | 52 | 57 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 314 | 291 |
| Liúntas Tacaíochta Teileafóin | 22 | 21 |
| Liúntas Breosla | 410 | 511 |
| Saorthaisteal | 103 | 97 |
| **Iomlán** | **910** | **986** |

| Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire | 2025 €milliún | 2024 €milliún |
|---|---|---|
| **Aois Oibre -Tacaíochtaí Fostaíochta** | | |
| Fostaíocht don Phobal | 385 | 369 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | 34 | 32 |
| An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | 30 | 30 |
| Tús | 84 | 84 |
| JobsPlus | 2 | 3 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | 5 | 5 |
| Scéim Shóisialta Tuaithe | 51 | 51 |
| Tionscnamh Post | 9 | 10 |
| Clár Socrúcháin Taithí Oibre | 5 | 3 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 28 | 26 |
| Scéimeanna na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí ar Conradh (SFP) | 80 | 71 |
| Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19 (TWSS) agus Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta COVID-19 (EWSS) | — | 2 |
| **Iomlán** | **713** | **686** |
| | | |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 2,477 | 2,408 |
| Sochar Breoiteachta | 707 | 686 |
| Pinsean Easláine | 818 | 853 |
| Íocaíocht Cúramóra | 1,377 | 1,267 |
| Deontas Tacaíochta do Chúramóirí | 349 | 351 |
| Liúntas Cúraim Baile | 329 | 288 |
| Scéim Fóirdheontas Pá | 22 | 23 |
| Sochar Míthreorach | 75 | 76 |
| Pinsean na nDall | 13 | 14 |
| Sochar Báis | 11 | 11 |
| Sochar Díobhála agus Cúram Leighis | 6 | 7 |
| Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais | 23 | 23 |
| **Iomlán** | **6,207** | **6,007** |
| | | |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 2,229 | 2,555 |
| Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht | 468 | 421 |
| An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair | 10 | 10 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua | 56 | 57 |
| Béilí Scoile | 230 | 181 |
| Íocaíochtaí Eile Bainteach le Leanaí | 42 | 40 |
| **Iomlán** | **3,035** | **3,264** |
| | | |
| **Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir** | **26,565** | **26,190** |